2026/2226

6.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2226 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2026

lena bhformheastar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Collines Rhodaniennes' de bhun Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2) agus Airteagal 24(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15(4) agus Airteagal 24(6) de Rialachán (AE) 2024/1143, rinneadh iarratas na Fraince ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Collines Rhodaniennes' a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143, i gcomhar le hAirteagal 24(6) den Rialachán sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an leasú ar leibhéal an Aontais a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an tásc geografach faoi chosaint 'Collines Rhodaniennes' (TGFC), formheastar leis seo é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) IO C, C/2026/3197, 15.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/3197/oj.